2024/1174

22.4.2024

TREOIR (AE) 2024/1174 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Aibreán 2024

lena leasaítear Treoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le gnéithe áirithe den íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([2]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([3]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus le Rialachán (AE) 2019/877 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), leasaíodh an creat maidir leis an íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe ('ICDI') a leagtar amach i dTreoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus i Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), íoscheanglas is infheidhme maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta ('institiúidí') atá bunaithe san Aontas mar aon le haon eintiteas eile a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/59/AE nó Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ('eintitis'). I gcás ICDI is infheidhme maidir le hinstitiúidí agus eintitis ar fochuideachtaí d'eintitis réitigh iad ach nach eintitis réitigh iad féin, foráiltear leis na leasuithe sin go bhféadfaidh na hinstitiúidí agus na heintitis sin ICDI inmheánach a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as ionstraimí arna n-eisiúint don eintiteas réitigh agus arna gceannach aige, go díreach nó go hindíreach, trí eintitis eile sa ghrúpa réitigh céanna.

(2) Rinneadh tuilleadh leasuithe ar chreat an Aontais le haghaidh ICDI le Rialachán (AE) 2022/2036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), lenar tugadh isteach rialacha asbhainte sonracha maidir le suibscríobh indíreach ionstraimí atá incháilithe le ICDI inmheánach a chomhlíonadh. Leis an Rialachán sin, tugadh isteach i dTreoir 2014/59/AE ceanglas ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag suibscríobh indíreach ionstraimí atá incháilithe le ICDI a chomhlíonadh ar chothrom iomaíochta idir cineálacha éagsúla struchtúr de ghrúpaí baincéireachta, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil cuideachta oibriúcháin ag grúpaí baincéireachta idir an chuideachta sealbhaíochta a shainaithnítear mar eintiteas réitigh agus a fochuideachtaí. Iarradh ar an gCoimisiún

([1]) IO C 307, 31.8.2023, lch. 19.
([2]) IO C 349, 29.9.2023, lch. 161.
([3]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Feabhra 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 26 Márta 2024.
([4]) Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus acmhainneacht athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus Treoir 98/26/CE (IO L 150, 7.6.2019, lch. 296).
([5]) Rialachán (AE) 2019/877 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta (IO L 150, 7.6.2019, lch. 226).
([6]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).
([7]) Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1).
([8]) Rialachán (AE) 2022/2036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le láimhseáil stuamachta institiúidí a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo agus a bhfuil straitéis réitigh ilphointí iontrála acu mar aon le modhanna le haghaidh ionstraimí a shuibscríobh go hindíreach atá incháilithe chun an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chomhlíonadh (IO L 275, 25.10.2022, lch. 1).

a mheas ar cheart cead a bheith ag eintitis nach eintitis réitigh iad féin ICDI a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite. Thairis sin, iarradh ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar láimhseáil eintiteas, faoi na rialacha lena rialaítear ICDI, ar eintitis iad a bhforáiltear lena bplean réitigh go ndéanfar iad a fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta. Ar deireadh, iarradh ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar a iomchuí a bheadh sé teorainn a chur le méid na n-asbhaintí a cheanglaítear de bhun Airteagal 72e(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]). Dá bhrí sin, leis na forálacha nua, ba cheart prionsabail an tsainordaithe athbhreithnithe bunaidh arna thabhairt ag Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle don Choimisiún a urramú chun comhréireacht agus cothrom iomaíochta a áirithiú idir cineálacha éagsúla struchtúr grúpaí baincéireachta.

(3) Thángthas ar an gconclúid san athbhreithniú a rinne an Coimisiún go mbeadh sé iomchuí agus comhréireach leis na cuspóirí a shaothraítear leis na rialacha maidir le ICDI inmheánach cead a thabhairt d'údaráis réitigh ICDI inmheánach a shocrú ar bhonn comhdhlúite i gcás raon eintiteas atá níos leithne ná an raon a eascraíonn as cur i bhfeidhm Threoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, i gcás ina gcumhdaítear leis an raon níos leithne sin institiúidí agus eintitis nach eintitis réitigh iad féin, ach ar fochuideachtaí iad d'eintitis réitigh agus a rialaíonn fochuideachtaí eile ('eintitis idirmheánacha') laistigh den ghrúpa réitigh céanna. B'amhlaidh sin go háirithe i gcás na ngrúpaí baincéireachta sin a bhfuil cuideachta sealbhaíochta i gceannas orthu. Sna cásanna sin, is iad na heintitis idirmheánacha a dhéanann neamhchosaintí inghrúpa a lárú go nádúrtha agus a threoraíonn acmhainní incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach arna réamhshuí ag an eintiteas réitigh. Mar gheall ar an struchtúr sin, d'fhéadfadh tionchar díréireach a bheith ag na rialacha asbhainte atá ann cheana ar na heintitis idirmheánacha sin. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin go ndéanfaí an creat le haghaidh ICDI níos comhréirí trí choigeartú a dhéanamh ar na rialacha maidir le raon feidhme na neamhchosaintí a cheanglaítear ar eintiteas idirmheánach a asbhaint, i gcás ina mbeadh na neamhchosaintí sin ar eintiteas leachtaithe nach bhfuil faoi réir cinneadh lena gcinntear ICDI. Sna cásanna sin, ní mheastar go mbeidh gá le cumhachtaí díluachála agus comhshó a fheidhmiú i dtaca leis na heintitis leachtaithe sin. Os a choinne sin, beidh ar an eintiteas réitigh na heintitis eile sa ghrúpa réitigh a athchaipitliú i gcás anáis nó teipe. Ba cheart, dá bhrí sin, na hacmhainní incháilithe ICDI is gá a bheith ann ar gach leibhéal den ghrúpa réitigh agus ba cheart a áirithiú go mbeidh siad ar fáil le haghaidh ionsúchán caillteanais agus athchaipitliúcháin tríd an sásra asbhainte. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, san athbhreithniú a rinne sé, gur cheart d'eintitis idirmheánacha leanúint de mhéid iomlán a sealúchas d'acmhainní incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach arna n-eisiúint ag eintitis neamhleachtaithe eile sa ghrúpa réitigh céanna a asbhaint.

(4) Tá sé fíor-riachtanach soiléireacht a bheith ann maidir lena bhfuil i gceist le heintiteas leachtaithe chun go bhfeidhmeoidh na creataí asbhainte agus comhdhlúthaithe mar is ceart agus chun ICDI a ríomh le haghaidh eintitis shonracha. Chuige sin, ba cheart sainmhíniú ar eintiteas leachtaithe a leagan síos, ina ndíreofaí ar eintitis leachtaithe a shainaithint ag céim na pleanála réitigh. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis réitigh measúnú cuí a dhéanamh ar institiúidí agus eintitis a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 agus pleananna réitigh á dtarraingt suas acu. Cuid lárnach den mheasúnú sin is ea a shuí cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an institiúid nó an t-eintiteas feidhmeanna criticiúla. Gan dochar don mheasúnú ar thábhacht na hinstitiúide nó an eintitis ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach, meastar freisin go ndéanfar anailís chríochnúil ar ábharthacht an eintitis leachtaithe ionchasaigh laistigh de ghrúpa réitigh. I bprionsabal, níor cheart institiúid nó eintiteas arb ionann í nó é agus cuid shuntasach de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca, de neamhchosaint ar chóimheas luamhánaithe nó d'ioncam oibriúcháin grúpa réitigh a shainaithint mar eintiteas leachtaithe.

(5) Faoi Airteagal 45f de Threoir 2014/59/AE agus Airteagal 12g de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, tá institiúidí agus eintitis le ICDI inmheánach a chomhlíonadh ar bhonn aonair. Ní cheadaítear comhlíonadh ar bhonn comhdhlúite ach in dhá chás shonracha: i gcás máthairghnóthas de chuid an Aontais nach eintitis réitigh iad agus ar fochuideachtaí iad d'eintitis tríú tír, agus i gcás máthairghnóthas de chuid institiúidí nó eintitis a tarscaoileadh ó ICDI inmheánach a chomhlíonadh. De bhun Airteagal 72e(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, i gcás ina gcomhlíonfaidh eintiteas idirmheánach a ICDI inmheánach ar bhonn comhdhlúite, ní bheidh sé d'oibleagáid ar an eintiteas sin sealúchais d'acmhainní incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach a asbhaint, ar sealúchais de chuid eintitis eile a bhaineann leis an ngrúpa réitigh céanna iad agus a áirítear ina imlíne chomhdhlúthaithe, ós rud é go mbaintear éifeacht chomhchosúil amach trí ICDI inmheánach a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite. Léiríodh san athbhreithniú a rinne an Coimisiún gur cheart cead a bheith ag eintitis idirmheánacha de ghrúpaí baincéireachta a bhfuil cuideachta sealbhaíochta i gceannas orthu ICDI inmheánach a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite. Go háirithe, ba cheart é a bheith indéanta ICDI inmheánach a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite i gcás ina méadófaí ICDI inmheánach ar bhealach díréireach dá gcuirfí asbhaintí i bhfeidhm. Thairis sin, léiríodh san athbhreithniú go bhféadfadh sé, i gcás ina bhfuil eintiteas idirmheánach faoi réir ceanglais cistí dílse nó ceanglas maoláin

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

chomhcheangailte ar bhonn comhdhlúite, go gcruthófaí riosca dá gcomhlíonfaí ICDI inmheánach ar bhonn aonair, is é sin an riosca nach leordhóthanach na hacmhainní incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach arna réamhshuí ar leibhéal an eintitis idirmheánaigh chun comhlíonadh an cheanglais cistí dílse comhdhlúite is infheidhme a athbhunú tar éis dhíluacháil agus chomhshó na n-acmhainní sin. Ina theannta sin, bheadh ionchur tábhachtach i ríomh ICDI don institiúid nó don eintiteas lena mbaineann in easnamh i gcás inar socraíodh an ceanglas cistí dílse breise nó an ceanglas maoláin chomhcheangailte ar leibhéal éagsúil comhdhlúthaithe, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé dúshlánach an ceanglas a ríomh. Ar an gcaoi chéanna, tagann dúshláin chun cinn maidir le feidhmiú chumhacht na n-údarás réitigh toirmeasc a chur, i gcomhréir le hAirteagal 16a de Threoir 2014/59/AE agus Airteagal 10a de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, ar dháileacháin áirithe os cionn an uasmhéid indáilte a bhaineann le ICDI i leith na fochuideachta aonair i gcás nach socraítear an príomh-mhéadrach, is é sin an ceanglas maoláin chomhcheangailte, ar an mbonn céanna le ICDI inmheánach. Ar na cúiseanna sin, ba cheart deis a bheith ann do chineálacha eile struchtúr grúpaí baincéireachta freisin ICDI inmheánach a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite, aon uair a bhíonn an t-eintiteas idirmheánach faoi réir ceanglas cistí dílse breise ar bhonn comhdhlúite amháin. Leis an bhféidearthacht ICDI inmheánach a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite mar a thugtar isteach leis an Treoir seo, tá sé beartaithe na cásanna ina bhfuil sé sin indéanta cheana faoi Threoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a chomhlánú, agus ní ghabhann an fhéidearthacht sin in ionad na bhforálacha ábhartha sna gníomhartha reachtacha sin.

(6) Chun a áirithiú nach mbeidh an deis maidir le ICDI inmheánach a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite ar fáil ach amháin sna cásanna ábhartha agus nach mbeidh ganntanas acmhainní incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach ar fud an ghrúpa réitigh mar thoradh air, ba cheart an chumhacht ICDI inmheánach a shocrú ar bhonn comhdhlúite i gcás eintitis idirmheánacha a bheith ina cumhacht lánroghnach de chuid an údaráis réitigh faoi réir coinníollacha áirithe. Ba cheart an t-eintiteas idirmheánach a bheith ina fhochuideachta dhíreach d'eintiteas réitigh atá ina mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais de chuid an Aontais nó ina mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais atá bunaithe sa Bhallstát céanna agus atá ina chuid den ghrúpa réitigh céanna. Níor cheart fochuideachtaí, ar institiúidí nó eintitis iad atá faoi réir ICDI, a bheith i seilbh dhíreach an eintitis réitigh sin, cé is moite den eintiteas idirmheánach. De rogha air sin, níor cheart don eintiteas idirmheánach lena mbaineann an ceanglas cistí dílse breise a chomhlíonadh ach amháin ar bhonn a staide comhdhlúite. Sa dá chás sin, áfach, níor cheart, i measúnú an údaráis réitigh, do chomhlíonadh ICDI inmheánaigh ar bhonn comhdhlúite dochar a dhéanamh, ar bhealach ábhartha, d'inchreidteacht agus d'indéantacht straitéis réitigh an ghrúpa ná níor cheart dó dochar a dhéanamh do chur i bhfeidhm na cumhachta atá ag an an údarás réitigh ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanais incháilithe de chuid an eintitis idirmheánaigh lena mbaineann nó eintitis eile atá ina ghrúpa réitigh a dhíluacháil nó a chomhshó. Cás amháin ina ndéanfadh socrú ICDI inmheánaigh ar bhonn comhdhlúite dochar d'inréiteacht an ghrúpa réitigh, is é sin i gcás nár leor an méid is gá chun an ICDI sin a chomhlíonadh chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais cistí dílse is infheidhme tar éis fheidhmiú na gcumhachtaí díluachála agus comhshó.

(7) De bhun Airteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE agus Airteagal 12g(2) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, féadfaidh eintitis idirmheánacha an ICDI inmheánach comhdhlúite a chomhlíonadh trí chistí dílse agus dliteanais incháilithe a úsáid. Chun a áirithiú go mbeidh an deis ann ICDI a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite, is gá a áirithiú go ndéanfar dliteanais incháilithe eintiteas idirmheánach a ríomh ar bhealach atá cosúil le ríomh na gcistí dílse. Dá bhrí sin, sna critéir le haghaidh dliteanais incháilithe a fhéadfar a úsáid chun ICDI inmheánach a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite, ba cheart na rialacha maidir le ríomh na gcistí dílse comhdhlúite a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur san áireamh. Chun comhsheasmhacht leis na rialacha atá ann cheana maidir le ICDI seachtrach a áirithiú, ba cheart an t-ailíniú sin a bheith ina léiriú freisin ar na rialacha atá ann cheana a leagtar síos in Airteagal 45b(3) de Threoir 2014/59/AE agus in Airteagal 12d(3) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 chun dliteanais incháilithe a ríomh a fhéadfaidh eintitis réitigh a úsáid chun a ICDI comhdhlúite a chomhlíonadh. Go háirithe, maidir le dliteanais incháilithe arna n-eisiúint ag fochuideachtaí an eintitis atá faoi réir ICDI inmheánach comhdhlúite agus atá i seilbh an eintitis réitigh, go díreach nó go hindíreach trí eintitis eile de chuid an ghrúpa réitigh chéanna ach atá lasmuigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe, nó atá i seilbh scairshealbhóirí atá ann cheana nach bhfuil sa ghrúpa réitigh céanna, is gá a áirithiú go gcuirfear iad san áireamh i gcistí dílse agus dliteanais incháilithe an eintitis atá faoi réir ICDI inmheánach comhdhlúite.

(8) Faoin gcreat atá ann faoi láthair, i gcás eintitis atá curtha in áirithe lena leachtú, socraítear ICDI, i bhformhór na gcásanna, ag an méid is gá le haghaidh ionsúchán caillteanais, méid a chomhfhreagraíonn do na ceanglais cistí dílse. Sna cásanna sin, níl aon cheanglas breise i gceist le ICDI a bhaineann go díreach leis an gcreat réitigh don eintiteas

leachtaithe. Fágann sé sin gur féidir le heintiteas leachtaithe ICDI a chomhlíonadh go hiomlán trí na ceanglais cistí dílse a chomhlíonadh agus nach mbíonn cinneadh tiomnaithe ón údarás réitigh lena gcinntear ICDI ina rannchuidiú ar bhealach fóinteach le hinréiteacht an eintitis sin. Baineann go leor oibleagáidí nós imeachta leis an gcinneadh sin don údarás réitigh agus don eintiteas leachtaithe, oibleagáidí nach dtagann tairbhe chomhfhreagrach astu ó thaobh inréiteacht fheabhsaithe de. Ar an gcúis sin, níor cheart d'údaráis réitigh ICDI a chinneadh le haghaidh eintitis leachtaithe. Ba cheart an creat le haghaidh ICDI a chur i bhfeidhm ar bhonn critéar lena n-áiritheofar go gcáileoidh eintiteas mar eintiteas leachtaithe ar bhealach comhsheasmhach ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis réitigh a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach na forálacha nua a bhaineann le heintitis leachtaithe maidir leis na heintitis sin atá mar chuid de ghrúpa trasteorann, go háirithe i gcás ina bhfuil eintitis atá lonnaithe laistigh agus lasmuigh den aontas baincéireachta sa ghrúpa.

(9) Agus pleananna réitigh á dtarraingt suas agus measúnú á dhéanamh acu ar inréiteacht grúpaí réitigh, féadfaidh na húdaráis réitigh a mheas go gcáilíonn fo-institiúid nó fo-eintiteas mar eintiteas leachtaithe i gcás ina bhforáiltear sa phlean réitigh go bhfuil sé indéanta agus inchreidte go ndéanfaí an institiúid nó t-eintiteas a fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta nó i gcás nach mbeartaítear sa phlean réitigh feidhmiú na gcumhachtaí díluachála agus comhshó i dtaca leis an institiúid nó an eintiteas sin. Chun sainiúlachtaí na n-eintiteas atá buanchleamhnaithe le comhlacht lárnach a chur san áireamh, féadfaidh an t-údarás réitigh a mheas go gcáilíonn an t-eintiteas sin mar eintiteas leachtaithe i gcás nach mbeartaítear sa phlean réitigh aon bhearta eile, amhail cumasc cleamhnaithe, a bheidh le déanamh ag an gcomhlacht lárnach nó ag an údarás réitigh i dtaca leis an eintiteas sin. Sna cásanna sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé riachtanach d'fho-institiúid ná d'fho-eintiteas cistí dílse agus dliteanais incháilithe a shealbhú de bhreis ar a gceanglais cistí dílse féin. Chun inréiteacht an ghrúpa a áirithiú agus prionsabal na comhréireachta á urramú an tráth céanna, i gcásanna áirithe, ag brath ar ábharthacht sealúchas ionstraimí cistí dílse arna n-eisiúint ag eintitis leachtaithe i gcoibhneas le hacmhainn ionsúcháin caillteanais an eintitis idirmheánaigh, ba cheart sealúchais atá á sealbhú i bhfoirm ionstraimí cistí dílse a bheith faoi réir asbhainte. Chun éifeachtaí aille a sheachaint, ba cheart cóimheas na sealúchas sin le hacmhainn ionsúcháin caillteanais an eintitis idirmheánaigh a ríomh ag deireadh gach bliana féilire mar mheán thar an 12 mhí roimhe sin. Mar sin féin, níor cheart a bheith de cheangal ar an eintiteas idirmheánach na dliteanais sin a mbeadh na coinníollacha maidir le comhlíonadh ICDI inmheánaigh á gcomhlíonadh acu ach nach gcáilíonn mar ionstraimí cistí dílse, a asbhaint. I gcás ina gclisfeadh ar eintiteas leachtaithe, ní bheartaítear sa phlean réitigh go ndéanfadh an t-eintiteas réitigh an t-eintiteas leachtaithe a athchaipitliú. Fágann sé sin nach mbeadh coinne le caillteanais atá níos mó ná na cistí dílse atá ann cheana a bheith á réamhtheachtú ón eintiteas leachtaithe chuig an eintiteas réitigh, tríd an eintiteas idirmheánach, ná caipiteal a bheith á iartheachtú an treo eile. Dá bhrí sin, an coigeartú sin ar raon feidhme na sealúchas atá le hasbhaint i gcomhthéacs shuibscríobh indíreach na n-acmhainní incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach, ní dhéanfadh sé difear d'fhóntacht stuamachta an chreata.

(10) Is é príomhchuspóir an chórais ceadaithe chun laghdú a dhéanamh ar ionstraimí dliteanas incháilithe a leagtar síos in Airteagal 77(2) agus in Airteagal 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, córas is infheidhme freisin maidir le hinstitiúidí agus eintitis atá faoi réir ICDI agus maidir leis na dliteanais a eisítear chun ICDI a chomhlíonadh, é a chur ar a gcumas do na húdaráis réitigh faireachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí as a dtagann laghdú ar an stoc dliteanas incháilithe agus toirmeasc a chur ar aon ghníomhaíocht as a dtiocfadh laghdú thar leibhéal a mheasann na húdaráis réitigh a bheith leordhóthanach. I gcás nár ghlac an t-údarás réitigh cinneadh lena gcinntear ICDI i leith institiúide nó eintitis, ní bhaineann an cuspóir sin le hábhar. Dá bhrí sin, níor cheart ceangal a bheith ar institiúidí ná ar eintitis nár glacadh aon chinneadh ina leith lena gcinntear ICDI cead a fháil roimh ré ón údarás réitigh chun éifeacht a thabhairt do cheannach, fuascailt, aisíoc nó athcheannach dliteanas lena gcomhlíonfaí na ceanglais incháilitheachta le haghaidh ICDI.

(11) Is ann d'eintitis leachtaithe a bhféadfadh an t-údarás réitigh a mheas ina leith gur cheart ICDI a bheith níos mó ná méid an ionsúcháin caillteanais i gcás inar gá an méid níos airde sin chun cobhsaíocht airgeadais a chosaint nó chun aghaidh a thabhairt ar an riosca tógálachta don chóras airgeadais, lena n-áirítear maidir le hacmhainneacht mhaoiniúcháin na scéimeanna ráthaithe taiscí. Is sna cásanna sin amháin ba cheart a bheith ar chumas údaráis réitigh ICDI a chinneadh ar bhealach comhréireach le haghaidh an eintitis leachtaithe arb é ba cheart a bheith ann méid atá leordhóthanach chun caillteanais a ionsú móide an méid a mbeidh géarghá leis chun aghaidh a thabhairt mar is cuí ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann, rioscaí arna sainaithint ag an údarás réitigh. Ba cheart don eintiteas leachtaithe ICDI a chomhlíonadh ansin agus níor cheart é a dhíolmhú ón gcóras réamhcheadaithe a leagtar síos in Airteagal 77(2) agus in Airteagal 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Maidir le heintitis idirmheánacha a bhaineann leis an ngrúpa réitigh céanna leis an eintiteas leachtaithe lena mbaineann, ba cheart a cheangal orthu fós a sealúchais d'acmhainní incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach arna n-eisiúint ag an eintiteas leachtaithe sin

a asbhaint óna n-acmhainní incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach. Ina theannta sin, ós rud é go dtarlaíonn imeachtaí leachtaithe ar leibhéal an eintitis dhlítheanaigh, ba cheart d'eintitis leachtaithe atá fós faoi réir ICDI an ceanglas sin a chomhlíonadh ar bhonn aonair amháin. Ar deireadh, maidir le ceanglais incháilitheachta áirithe a bhaineann le húinéireacht an dliteanais lena mbaineann, níl siad ábhartha óir gan cumhachtaí díluachála agus comhshó a fheidhmiú ní bheadh aon ghá ann an rialú a dhéanann an t-eintiteas réitigh ar an bhfochuideachta a chaomhnú. Níor cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag na ceanglais incháilitheachta sin.

(12) De bhun Airteagal 45i de Threoir 2014/59/AE, ní mór d'institiúidí agus eintitis leibhéil na ndliteanas incháilithe agus na ndliteanas ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu, mar aon le comhdhéanamh na ndliteanas sin, a thuairisciú dá n-údaráis inniúla agus dá n-údaráis réitigh, agus an fhaisnéis sin a nochtadh don phobal, ar bhonn rialta, mar aon le leibhéal a n-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe. I gcás eintitis leachtaithe, ní cheanglaítear aon tuairisciú ná nochtadh den sórt sin. Mar sin féin, chun cur i bhfeidhm trédhearcach ICDI a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí tuairiscithe agus nochta sin freisin maidir le heintitis leachtaithe a gcinneann an t-údarás réitigh ina leith gur cheart ICDI a bheith níos airde ná an méid atá leordhóthanach chun caillteanais a ionsú. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ba cheart don údarás réitigh a áirithiú nach rachaidh na hoibleagáidí sin thar a bhfuil riachtanach chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh ICDI.

(13) Chun comhsheasmhacht a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith, ón dáta céanna, ag na leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 agus ag na bearta náisiúnta lena dtrasuitear na leasuithe ar Threoir 2014/59/AE. Mar sin féin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le dáta cur i bhfeidhm níos luaithe i leith na leasuithe ar na forálacha a bhaineann leis an bhféidearthacht ICDI inmheánach comhdhlúite a chomhlíonadh, chun freastal ar an ngá atá ag na húdaráis réitigh cinntí nua a ghlacadh lena gcinntear ICDI chun na críche sin agus chun deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú do na grúpaí baincéireachta a bheadh faoi réir na forála sin i bhfianaise an spriocdháta ghinearálta maidir le comhlíonadh ICDI, an 1 Eanáir 2024, a leagtar síos i dTreoir 2014/59/AE agus i Rialachán (AE) Uimh. 806/2014. Ar an gcúis sin, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha nua maidir le ICDI inmheánach comhdhlúite faoi Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 lá amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo. Thabharfadh sé sin le fios freisin do gach grúpa baincéireachta agus gach údarás réitigh a bhfuil feidhm ag Treoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 maidir leo go bhféadfadh sé go mbeadh bearta de dhíth chun an bhearna a líonadh idir an 1 Eanáir 2024 agus dáta chur i bhfeidhm na mbeart náisiúnta lena dtrasuitear forálacha na Treorach leasaithí seo.

(14) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon coigeartú a dhéanamh ar láimhseáil na n-eintiteas leachtaithe faoin gcreat ICDI agus an deis a bheith ag údaráis réitigh ICDI inmheánach a chinneadh ar bhonn comhdhlúite, a ghnóthú go leordhóthanach, ach gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, trí rialacha atá socraithe cheana ar leibhéal an Aontais a leasú, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2014/59/AE

Leasaítear Treoir 2014/59/AE mar a leanas:

(1) in Airteagal 2(1), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(83aa) ciallaíonn "eintiteas leachtaithe" duine dlítheanach atá bunaithe san Aontas dá bhforáiltear ina leith sa phlean réitigh grúpa nó, i gcás eintitis nach cuid de ghrúpa iad, sa phlean réitigh, go ndéanfar an t-eintiteas a fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta, nó eintiteas, laistigh de ghrúpa réitigh nach eintiteas réitigh é, nach bhforáiltear ina leith sa phlean réitigh grúpa go ndéanfar cumhachtaí díluachála agus comhshó a fheidhmiú;';

(2) leasaítear Airteagal 45c mar a leanas:

(a) i mír 2, scriostar an dara agus an tríú fomhír;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘2a. Ní chinnfidh na húdaráis réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) d’eintitis leachtaithe.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh údarás réitigh measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil bonn cirt leis an gceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) a chinneadh le haghaidh eintiteas leachtaithe ar bhonn aonair ag méid atá níos mó ná an méid atá leordhóthanach chun caillteanais a ionsú i gcomhréir le mír 2, pointe (a), den Airteagal seo. Cuirfidh an t-údarás réitigh san áireamh ina mheasúnú, go háirithe, aon tionchar a d’fhéadfadh a bheith aige ar chobhsaíocht airgeadais agus ar an riosca tógálachta don chóras airgeadais, lena n-áirítear maidir le hacmhainneacht mhaoiniúcháin na scéimeanna ráthaithe taiscí. I gcás ina gcinneann an t-údarás réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1), comhlíonfaidh an t-eintiteas leachtaithe an ceanglas sin trí cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a úsáid:

(a) cistí dílse;

(b) dliteanais lena gcomhlíontar na critéir incháilitheachta dá dtagraítear in Airteagal 72a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas Airteagal 72b(2), pointí (b) agus (d), den Rialachán sin;

(c) na dliteanais dá dtagraítear in Airteagal 45b(2).

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 77(2) agus Airteagal 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le heintitis leachtaithe nár chinn an t-údarás réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) den Treoir seo ina leith.

Maidir le sealúchais ionstraimí cistí dílse agus ionstraimí dliteanas incháilithe arna n-eisiúint ag fo-institiúidí ar eintitis leachtaithe iad nár chinn an t-údarás réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) ina leith, ní dhéanfar iad a asbhaint faoi Airteagal 72e(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

De mhaolú ar an gceathrú fomhír, déanfaidh institiúid nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (b), (c) nó (d), nach eintiteas réitigh é nó í féin ach fochuideachta d’eintiteas réitigh nó d’eintiteas tríú tír a bheadh ina eintiteas réitigh dá mba san Aontas a bheadh sé bunaithe a sealúchais d’ionstraimí cistí dílse i bhfo-institiúidí a asbhaint ar leis an ngrúpa réitigh céanna iad agus ar eintitis leachtaithe iad nár chinn an t-údarás réitigh ina leith an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) i gcás ina bhfuil méid comhiomlán na sealúchas sin cothrom le, nó níos mó ná, 7 % de mhéid iomlán a gcistí dílse agus a ndliteanais lena gcomhlíontar na critéir incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 45f(2), a ríomhtar go bliantúil an 31 Nollaig mar mheán thar an 12 mhí roimhe sin.’;

(3) leasaítear Airteagal 45f mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach i ndiaidh an tríú fomhír:

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír agus ar an dara fomhír, féadfaidh údarás réitigh a chinneadh an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 45c a chinneadh ar bhonn comhdhlúite i leith fochuideachta dá dtagraítear sa mhír seo i gcás ina gcinneann an t-údarás réitigh go bhfuil gach ceann de na coinníollacha seo a leanas á gcomhlíonadh:

(a) comhlíonann an fhochuideachta ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(i) tá an fhochuideachta i seilbh dhíreach an eintitis réitigh agus:

— is máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais de chuid an Aontais nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais é an t-eintiteas réitigh;

— tá an fhochuideachta agus an t-eintiteas réitigh araon bunaithe sa Bhallstát céanna agus is cuid den ghrúpa réitigh céanna iad;

— níl aon fho-institiúid ná aon fho-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), i gcás ina bhfuil an t-eintiteas sin faoi réir na gceanglas a leagtar amach san Airteagal seo nó faoi réir an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 45c, i seilbh dhíreach an eintitis réitigh, seachas an fhochuideachta lena mbaineann;

— dhéanfadh na hasbhaintí is gá de bhun Airteagal 72e(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 difear díréireach don fhochuideachta;

(ii) tá an fhochuideachta faoi réir an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE ar bhonn comhdhlúite agus ar an mbonn sin amháin agus ní bheadh mar thoradh ar an gceanglas a leagtar síos in Airteagal 45c den Treoir seo a chinneadh ar bhonn comhdhlúite go mbeadh rómheastachán ar riachtanais athchaipitliúcháin, chun críocha Airteagal 45c(1), pointe (b), den Treoir seo, an fhoghrúpa ina bhfuil eintitis laistigh den imlíne comhdhlúthaithe lena mbaineann, go háirithe i gcás ina bhfuil leitheadúlacht eintiteas leachtaithe laistigh den imlíne comhdhlúthaithe chéanna;

(b) ní dhéantar, tríd an gceanglas a leagtar síos in Airteagal 45c a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite seachas an ceanglas sin a chomhlíonadh ar bhonn aonair, dochar, ar bhealach ábhartha, d'aon cheann de na nithe seo a leanas:

(i) creidiúnacht agus indéantacht straitéis réitigh an ghrúpa;

(ii) acmhainneacht na fochuideachta a ceanglas cistí dílse a chomhlíonadh tar éis na cumhachtaí díluachála agus comhshó a fheidhmiú; agus

(iii) leordhóthanacht an tsásra aistrithe caillteanais agus athchaipitliúcháin inmheánaigh, lena n-áirítear díluacháil nó comhshó, i gcomhréir le hAirteagal 59, ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanas incháilithe de chuid na fochuideachta lena mbaineann nó de chuid eintitis eile sa ghrúpa réitigh.';

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'2a. I gcás ina gcomhlíonann eintiteas dá dtagraítear i mír 1 an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) ar bhonn comhdhlúite, áireofar i méid chistí dílse agus dhliteanais incháilithe an eintitis sin na dliteanais seo a leanas arna n-eisiúint i gcomhréir le mír 2, pointe (a), den Airteagal seo ag fochuideachta atá bunaithe san Aontas a áirítear i gcomhdhlúthú an eintitis sin:

(a) dliteanais arna n-eisiúint don eintiteas réitigh agus arna gceannach ag an eintiteas sin, go díreach, nó go hindíreach trí eintitis eile sa ghrúpa réitigh céanna nach n-áirítear i gcomhdhlúthú an eintitis a chomhlíonann an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) ar bhonn comhdhlúite;

(b) dliteanais arna n-eisiúint do scairshealbhóir atá ann cheana nach cuid den ghrúpa réitigh céanna é.

2b. Na dliteanais dá dtagraítear i mír 2a, pointí (a) agus (b), den Airteagal seo, ní bheidh siad níos mó ná an méid a chinnfear trí shuim na nithe uile seo a leanas a bhaint ó mhéid an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 45(1) is infheidhme maidir leis an bhfochuideachta a áirítear sa chomhdhlúthú:

(a) na dliteanais arna n-eisiúint don eintiteas agus arna gceannach ag an eintiteas a chomhlíonann an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) ar bhonn comhdhlúite, go díreach, nó go hindíreach trí eintitis eile sa ghrúpa réitigh céanna a áirítear i gcomhdhlúthú an eintitis sin;

(b) an méid cistí dílse a eisítear i gcomhréir le mír 2, pointe (b), den Airteagal seo.';

(4) in Airteagal 45i, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 3 maidir le heintiteas leachtaithe seachas i gcás inar chinn an t-údarás réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) i leith an eintitis sin i gcomhréir le hAirteagal 45c(2a), an dara fomhír. Sa chás sin, cinnfidh an t-údarás réitigh ábhar agus minicíocht na n-oibleagáidí tuairiscithe agus nochta dá dtagraítear i míreanna 5 agus 6 den Airteagal seo don eintiteas sin. Cuirfidh an t-údarás réitigh na hoibleagáidí tuairiscithe agus nochta sin in iúl don eintiteas leachtaithe lena mbaineann. Ní rachaidh na hoibleagáidí tuairiscithe agus nochta sin thar a bhfuil riachtanach chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an cheanglais arna chinneadh de bhun Airteagal 45c(2a), an dara fomhír.';

(5) in Airteagal 45j, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfidh na húdaráis réitigh ÚBE ar an eolas faoin íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 45e nó Airteagal 45f, lena n-áirítear cinntí arna ndéanamh de bhun Airteagal 45f (1), an ceathrú fomhír, le haghaidh gach eintitis atá faoina ndlínse.'

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3(1), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(24aa) ciallaíonn "eintiteas leachtaithe" duine dlítheanach atá bunaithe i mBallstát rannpháirteach dá bhforáiltear ina leith sa phlean réitigh grúpa nó, i gcás eintitis nach cuid de ghrúpa iad, sa phlean réitigh, go ndéanfar an t-eintiteas a fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta, nó eintiteas, laistigh de ghrúpa réitigh nach eintiteas réitigh é, nach bhforáiltear ina leith sa phlean réitigh grúpa go ndéanfar cumhachtaí díluachála agus comhshó a fheidhmiú;';

(2) leasaítear Airteagal 12d mar a leanas:

(a) i mír 2, scriostar an dara agus an tríú fomhír;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'2a. Ní chinnfidh an Bord an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) d'eintitis leachtaithe.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh an Bord measúnú i dtaobh an bhfuil bonn cirt leis an gceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) a chinneadh le haghaidh eintiteas leachtaithe ar bhonn aonair ag méid atá níos mó ná an méid atá leordhóthanach chun caillteanais a ionsú i gcomhréir le mír 2, pointe (a), den Airteagal seo. Cuirfidh an Bord san áireamh ina mheasúnú, go háirithe, aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar chobhsaíocht airgeadais agus ar an riosca tógálachta don chóras airgeadais, lena n-áirítear maidir le hacmhainneacht mhaoiniúcháin na scéimeanna ráthaithe taiscí. I gcás ina gcinneann an Bord an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1), comhlíonfaidh an t-eintiteas leachtaithe an ceanglas sin trí cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a úsáid:

(a) cistí dílse;

(b) dliteanais lena gcomhlíontar na critéir incháilitheachta dá dtagraítear in Airteagal 72a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas Airteagal 72b(2), pointí (b) agus (d), den Rialachán sin;

(c) na dliteanais dá dtagraítear in Airteagal 12c(2).

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 77(2) agus Airteagal 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le heintitis leachtaithe nár chinn an Bord an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) den Rialachán seo ina leith.

Maidir le sealúchais ionstraimí cistí dílse agus ionstraimí dliteanas incháilithe arna n-eisiúint ag fo-institiúidí ar eintitis leachtaithe iad nár chinn an Bord an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) ina leith, ní dhéanfar iad a asbhaint faoi Airteagal 72e(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

De mhaolú ar an gceathrú fomhír, déanfaidh institiúid nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 2 nach eintiteas réitigh í nó é féin ach fochuideachta d'eintiteas réitigh nó d'eintiteas tríú tír a bheadh ina eintiteas réitigh dá mba san Aontas a bheadh sé bunaithe a sealúchais d'ionstraimí cistí dílse i bhfo-institiúidí a asbhaint ar leis an ngrúpa réitigh céanna iad agus ar eintitis leachtaithe iad nár chinn an Bord ina leith an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) i gcás ina bhfuil méid comhiomlán na sealúchas sin cothrom le, nó níos mó ná, 7 % de mhéid iomlán a gcistí dílse agus a ndliteanais lena gcomhlíontar na critéir incháilitheachta a shonraítear in Airteagal 12g(2), a ríomhtar go bliantúil an 31 Nollaig mar mheán thar an 12 mhí roimhe sin.';

(3) leasaítear Airteagal 12g mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach i ndiaidh an tríú fomhír:

'De mhaolú ar an gcéad fhomhír agus ar an dara fomhír, féadfaidh an Bord a chinneadh an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 12d a chinneadh ar bhonn comhdhlúite i leith fochuideachta dá dtagraítear sa mhír seo i gcás ina gcinneann an Bord go bhfuil gach ceann de na coinníollacha seo a leanas á gcomhlíonadh:

(a) comhlíonann an fhochuideachta ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(i) tá an fhochuideachta i seilbh dhíreach an eintitis réitigh agus:

— is máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais de chuid an Aontais nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais é an t-eintiteas réitigh;

— tá an fhochuideachta agus an t-eintiteas réitigh araon bunaithe sa Bhallstát rannpháirteach céanna agus is cuid den ghrúpa réitigh céanna iad;

— níl aon fho-institiúid dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (a), de Threoir 2014/59/AE, ná aon fho-eintiteas, dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (b), (c) nó (d), den Treoir sin, i gcás ina bhfuil an t-eintiteas sin faoi réir an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 45c nó 45f den Treoir sin nó in Airteagal 12d nó in Airteagal 12g den Rialachán seo, i seilbh dhíreach an eintitis réitigh, seachas an fhochuideachta lena mbaineann;

— dhéanfadh na hasbhaintí is gá de bhun Airteagal 72e(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 difear díréireach don fhochuideachta;

(ii) tá an fhochuideachta faoi réir an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE ar bhonn comhdhlúite agus ar an mbonn sin amháin agus ní bheadh mar thoradh ar an gceanglas a leagtar síos in Airteagal 12d den Rialachán seo a chinneadh ar bhonn comhdhlúite go mbeadh rómheastachán ar riachtanais athchaipitliúcháin, chun críocha Airteagal 45c(1), pointe (b), den Treoir seo, an fhoghrúpa ina bhfuil eintitis laistigh den imlíne comhdhlúthaithe lena mbaineann chun críocha phointe (b) den fhomhír seo, go háirithe i gcás ina bhfuil leitheadúlacht eintiteas leachtaithe laistigh den imlíne comhdhlúthaithe chéanna;

(b) ní dhéantar, tríd an gceanglas a leagtar síos in Airteagal 12d a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite seachas an ceanglas sin a chomhlíonadh ar bhonn aonair, dochar, ar bhealach ábhartha, d'aon cheann de na nithe seo a leanas:

(i) creidiúnacht agus indéantacht straitéis réitigh an ghrúpa;

(ii) acmhainneacht na fochuideachta a ceanglas cistí dílse a chomhlíonadh tar éis na cumhachtaí díluachála agus comhshó a fheidhmiú; agus

(iii) leordhóthanacht an tsásra aistrithe caillteanais agus athchaipitliúcháin inmheánaigh, lena n-áirítear díluacháil nó comhshó, i gcomhréir le hAirteagal 21, ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanas incháilithe de chuid na fochuideachta lena mbaineann nó de chuid eintitis eile sa ghrúpa réitigh.';

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'2a. I gcás ina gcomhlíonann eintiteas dá dtagraítear i mír 1 an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) ar bhonn comhdhlúite, áireofar i méid chistí dílse agus dhliteanais incháilithe an eintitis sin na dliteanais seo a leanas arna n-eisiúint i gcomhréir le mír 2, pointe (a), den Airteagal seo ag fochuideachta atá bunaithe san Aontas a áirítear i gcomhdhlúthú an eintitis sin:

(a) dliteanais arna n-eisiúint don eintiteas réitigh agus arna gceannach ag an eintiteas sin, go díreach, nó go hindíreach trí eintitis eile sa ghrúpa réitigh céanna nach n-áirítear i gcomhdhlúthú an eintitis a chomhlíonann an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) ar bhonn comhdhlúite;

(b) dliteanais arna n-eisiúint do scairshealbhóir atá ann cheana nach cuid den ghrúpa réitigh céanna é.

2b. Na dliteanais dá dtagraítear i mír 2a, pointí (a) agus (b), den Airteagal seo, ní bheidh siad níos mó ná an méid a chinnfear trí shuim na nithe uile seo a leanas a bhaint ó mhéid an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 12(1) is infheidhme maidir leis an bhfochuideachta a áirítear sa chomhdhlúthú:

(a) na dliteanais arna n-eisiúint don eintiteas agus arna gceannach ag an eintiteas a chomhlíonann an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) ar bhonn comhdhlúite, go díreach, nó go hindíreach trí eintitis eile sa ghrúpa réitigh céanna a áirítear i gcomhdhlúthú an eintitis sin;

(b) an méid cistí dílse a eisítear i gcomhréir le mír 2, pointe (b), den Airteagal seo.'.

Airteagal 3

Trasuí

1. Na bearta is gá chun Airteagal 1 a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 13 Samhain 2024. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm ón 14 Samhain 2024.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear le hAirteagal 1 a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 2, pointí (1) agus (2), ón 14 Samhain 2024.

Beidh feidhm ag Airteagal 2, pointe (3), ón 13 Bealtaine 2024.

3. Beidh Airteagal 2 ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Airteagal 5

Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh sa Bhruiséil, an 11 Aibreán 2024.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	H. LAHBIB